# PIAN PHEILBHEACH

MÍOSTRÚ PIANMHAR

PIAN LE LINN NA COLLAÍOCHTA NÓ INA DIAIDH

PIAN AGUS DO MHÚN A DHÉANAMH

GLUAISEACHT PHIANMHAR NA PUTÓIGE

TUIRSE

FADHBANNA TORTHÚLACHTA

## AN BHFUIL TÚ THÍOS LE CEANN AR BITH ACU SIN? SEANS GURB Í AN INMHEATRÓIS IS CÚIS LEIS



Is iomaí bean agus duine dar sannadh baineannach tráth a bhreithe a bhíonn thíos leis an phian mhíosta, ach, má bhíonn an phian ag cur isteach ar an tsaol laethúil, is amhlaidh is fearr **labhairt le do dhochtúir.**

Líne chabhrach: **0808 808 2227**

**www.endometriosis-uk.org**

**ENDOMETRIOSIS UK**

# CAD IS INMHEATRÓIS ANN?

Is é atá i gceist leis an inmheatróis go bhfásann cealla, atá cosúil le cealla ar líneáil na broinne, in áiteanna eile sa chorp, ach laistigh de chuas an pheilbhis de ghnáth. Gach mí freagraíonn na cealla sin don tsraith mhíosta sa dóigh chéanna is a fhreagraíonn siad siúd sa bhroinn, agus téann siad i dtreise agus ansin briseann siad síos agus bíonn fuiliú ann dá bharr. Murab ionann agus na cealla sa bhroinn a imíonn amach as an chorp mar mhíostrú, ní bhíonn bealach ar bith ag an fhuil sin le héalú. Leis sin bíonn athlasadh agus pian ann, agus tosaíonn fíochán coilm (greamáin) ag fás.

Bíonn airíonna éagsúla le sonrú ar gach duine, de réir áit a bhfuil an inmheatróis ag fás. Bíonn daoine áirithe thíos léi go mór, ach seans nach mbeidh airíonna ar bith le sonrú ar dhaoine eile. Má tá an phian mhíosta ag cur isteach ar an tsaol laethúil, is amhlaidh is fearr labhairt le do dhochtúir. Bíonn inmheatróis ar 10% de na mná agus díobh siúd dar sannadh baineannach tráth a mbreithe ón chaithreachas go dtí an meanapás, cé gur féidir go mbíonn tionchar aici ar dhaoine áirithe ar feadh an tsaoil – is ionann é sin agus breis is 1.5 milliún sa Ríocht Aontaithe. Ní ionfhabhtú í an inmheatróis ná ní ailse í, agus ní féidir í a tholgadh ó dhuine eile.

## TÁ AIRÍONNA ORM... CAD É IS FÉIDIR LIOM A DHÉANAMH?

Tá tacaíocht ar fáil chun cuidiú leat diagnóis a fháil agus chun maireachtáil leis an inmheatróis. Labhair le do dhochtúir teaghlaigh agus bí cinnte go dtabharfaidh tú dó/di a oiread faisnéise agus is féidir maidir le d'airíonna. Is úsáideach an rud é dialann phéine agus airíonna a choinneáil, rud a bheidh ina chabhair duit agus tú ag míniú do chuid airíonna dó/di. Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an inmheatróis agus chun treoir a fháil faoi labhairt le do dochtúir teaghlaigh.

## CAD É MAR IS FÉIDIR LE ENDOMETRIOSIS UK CABHRÚ?

Ar ár suíomh gréasáin tá réimse acmhainní ann, lena n-áirítear dialann phéine agus airíonna agus treoir chun diagnóis a fháil, mar aon le mionsonraí ár ngrúpaí tacaíochta áitiúla, ár bhfóraim plé ar líne agus ár líne cabhrach.

Líne chabhrach: **0808 808 2227**

**www.endometriosis-uk.org**

ENDOMETRIOSIS UK